

Ar an dara dul síos déag, an sáraítear reachtaíocht an Chomhphobail, i bhfianaise bhreithiúnas CBAE an 2 Lúnasa 1993, Cás C-271/91 ⁽¹⁾, *Marshall* agus an 17 Nollaig 2015, Cás C-407/14 ⁽¹⁴⁾, *Arjona*, ar dá réir a choisceann dlí an Aontais cúiteamh as damáiste a d'fhulaing duine mar thoradh ar dhífhostú a bheith teoranta faoi uasteorainn a socraíodh *a priori*, le Dlí 20/2021, trí fhoráil a dhéanamh do chúiteamh 20 lá in aghaidh na bliana seirbhíse agus 12 íocaíocht mhíosúil?

- ⁽¹⁾ Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair téarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP (IO 1999 L 175, lch. 43)
- ⁽²⁾ Breithiúnas an 17 Aibreán 2018, *Egenberger* (C-414/16, EU:C:2018:257)
- ⁽³⁾ Breithiúnas an 15 Aibreán 2008, *Impact* (C-268/06, EU:C:2008:223)
- ⁽⁴⁾ Breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2018, *Sciotto* (C-331/17, AE:C:2018:859)
- ⁽⁵⁾ Breithiúnas an 13 Eanáir 2022, *MIUR agus Ufficio Scolastico Regionale per la Campania* (C-282/19, AE:C:2022:3)
- ⁽⁶⁾ Breithiúnas an 13 Márta 2014, *Nierodzik* (C-38/13, EU:C:2014:152)
- ⁽⁷⁾ Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2016, *De Diego Porras* (C-596/14, EU:C:2016:683)
- ⁽⁸⁾ Ordú an 2 Meitheamh 2021, *SUSH agus CGT Sanidad de Madrid* (C-103/19, gan foilsiú, EU:C:2021:460)
- ⁽⁹⁾ Ordú an 9 Feabhra 2017, *Rodrigo Sanz* (C-443/16, EU:C:2017:109)
- ⁽¹⁰⁾ Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2016, *Pérez López* (C-16/15, EU:C:2016:679)
- ⁽¹¹⁾ Breithiúnas an 21 Samhain 2018, *de Diego Porras* (C-619/17, EU:C:2018:936)
- ⁽¹²⁾ Breithiúnas an 7 Márta 2018, *Santoro* (C-494/16, AE:C:2018:166)
- ⁽¹³⁾ Breithiúnas an 17 Nollaig 2015, *Arjona Camacho* (C-407/14, EU:C:2015:831)
- ⁽¹⁴⁾ Breithiúnas an 2 Lúnasa 1993, *Marshall* (C-271/91, AE:C:1993:335)

Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Supremo (an Spáinn) an 15 Iúil 2022 – Maxi Mobility Spain SLU v Comunidad de Madrid, Asociación Nacional del Taxi, Asociación Taxi Project 2.0

(Cás C-475/22)

(2022/C 472/32)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Supremo

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Maxi Mobility Spain SLU

Cosantóirí: Comunidad de Madrid, Asociación Nacional del Taxi, Asociación Taxi Project 2.0

Na ceisteanna a tharchuirtear

Meastar le reachtaíocht náisiúnta na Spáinne gur modh iompair uirbhígh trí mheán feithicil le tiománaí chun leas an phobail é seirbhís tacsáí a sholáthar agus cuirtear é, dá bhrí sin, faoi réir rialacháin riaracháin dhéin d'fhonn cuspóirí cáilíochta, cosaint úsáideoirí, beartas iompair agus beartas comhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear smacht ar tháillí. I bhfianaise na reachtaíochta náisiúnta sin,

1. an bhfuil sé i gcomhréir leis an tsaoirse bhunaíochta srianta a fhorchur, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ar sheirbhísí iompair uirbhígh feithicil le tiománaí eile, amhail feithicilí fruilithe phríobháidigh, d'fhonn comhréireacht agus comhlántacht na samhlacha eile sin den ghníomhaíocht chéanna le gníomhaíocht na dtacsaithe a áirithiú?
2. má thugtar freagra dearfach ar an gceist roimhe seo, an bhfuil sé i gcomhréir leis an tsaoirse bhunaíochta seirbhísí iompair uirbhígh feithicil le tiománaí nach seirbhísí tacsáí iad a sholáthar, [amhail] feithicilí fruilithe phríobháidigh, agus an beart sriantach sonrach ná uaschóimheas d'údaruithe a leagadh síos i leith ceadúnais tacsáí a fhorchur, amhail an cóimheas 1/30 arna leagan síos i reachtaíocht na Spáinne, a bhfuil a chur i bhfeidhm faoi leith ag an údarás inniúil faoi réir phrionsabal na comhréireachta?
3. an bhfuil an beart sriantach d'fheithicilí fruilithe phríobháidigh chun cóimheas ceadúnais 1/30 a bhunú mar a leagadh amach sa cheist roimhe seo i gcomhréir leis an toirmeasc ar státhabhair faoi Airteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh?